

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

BAINISTEOR TIONSCADAIL FRS NA GLEANNTA

An Oig Tionscadail: : RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: glentiesfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA GLEANNTA

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh.10
Feabhra 2023

<https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs>



CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair ar shainaithint a dhéanamh ar an Scéim is Fearr do na Dúnaibh i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha roimh Lá Eolais don Phobal molta. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar chosaintí láidre, iompar cainéil níos fearr agus bearta le haghaidh tuile nádúrtha / bainistiú taiscthe.

LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Reáchtálfaidh an Fhoireann Tionscadail Lá Eolais don Phobal nuair a bheidh an measúnacht ar roghanna curtha i gcrích. Tá sé de chuspóir ag an Lá Eolais don Phobal an pobal a chur ar an eolas faoin dóigh ar baineadh úsáid as an eolas a thud siad ar an Chéad Chomhairliúchán Poiblí (9 Samhain 2021 – 21 Nollaig 2021) sa mheasúnú ar roghanna. Déanfar é seo a reáchtáil Mí Bealtaine 2023.

MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Chríochnaigh an Fhoireann Timpeallachta RPS sainsuirbhéanna, suibhéanna gnáthóg agus spéicis fai chosaint. Chuaigh na sonraí seo i bhfeidhm ar an phróiseas measúnaithe ar na roghanna. Féadann sainsuirbhéanna breise a bheith de dhíth leis an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh a mheas.

BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCEIM

Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Céim 1							
Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■						
Anailís Hidreolaíochta		■					
Anailís Hiodrálach		■					
Anailís agus forbairt na Scéime		■	■				
Céim 2							
Pleanáil					■		
Céim 3							
Dearadh mionsonraithe na Scéime						■	
Céim 4							
Oibreacha tógála							■
Céim 5							
An Scéim á hOibriú							■

Tugtar na hamlínte measta is fearr don am i láthair ach féadtar iad a leasú. Cuireadh thart faoi dhá (2) mhí le Clár Chéim 1 mar gheall ar dhúsláin theicniúla leis an anailís.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS ag críochnú anailís hiodrálach.

Anailís Hidreolaíoch agus Hiodrálach: Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS i mbun an tuairisc hiodrálach a chur i gcrích.

Anailís agus Forbairt Scéime: Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a shainaithint. Tá RPS ag forbairt tuairiscithe ar Anailís agus Forbairt Scéime ar a n-áirítear tuairisciú breise ar chur i ngníomh beartas do bharcheantair dhúlra-bhunaithe, intógthacht, oibriú agus cothabháil, agus oiriúnú d'athrú aeráide.

Measúnacht Timpeallachta: Nuair a fhuasclófar an rogha is fearr agus Caighdeán Cosanta, déanfar Scagadh don Mheasúnú Oiriúnach, Scagadh EIA agus forbrófar Ráiteas Tionchair Natura

Lá Eolais don Phobal: Tá Lá Eolais don Phobal beartaithe do Bhealtaine 2023.